# Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra Aicmithe Scannán 2012

27

33

94

116

52

14

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

**Clár na nÁbhar**


| | |
|---|---|
| 1. Litir chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais | 1 |
| 2. Príomhfhorbairtí in 2012 | 3 |
| 3. Deimhniú d'Imeachtaí Cúirte | 7 |
| 4. Airgeadas | 7 |
| 5. Deimhniú Scannáin Phictiúrlainne | 9 |
| 6. Deimhniú Físeán/DVDanna | 11 |
| 7. Ceadúnais a eisíodh | 11 |
| 8. Foireann | 13 |

Chuig Alan Shatter, T.D.
An tAire Dlí agus Cirt
agus Comhionannais.

A Aire, a chara,

Is deas liom Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra Aicmithe Scannán a chur faoi do bhráid le haghaidh 2012, amhail a fhorordaítear faoi Alt 29 den Acht um Fhístaifeadtaí, 1989.

Tugadh treocht faoi deara sa bhliain faoi chaibidil ar tháinig cothromú uirthi de réir a chéile ar an laghdú ar ghnó a bhí le sonrú le blianta beaga anuas. Is éard a bhí mar údar leis seo gur mhian le sealbhóirí cóipchirt go ndéanfadh an oifig seo a dtáirge a aicmiú i gcónaí, gan aird ar an modh seachadta don chustaiméir.

Tháinig méadú 6 faoin gcéad ar an líon scannáin chineama a aicmíodh, aníos go dtí 336, agus tháinig beagán de laghdú ar líon na DVDanna anuas go dtí 5,105, a léiríonn an cothromú a tharla dá dtagraítear thuas.

B'ionann ioncaim agus €2.188 milliún, ar méadú seo ar an mbliain roimhe sin.

Amhail a tugadh le fios roimhe seo, rinneamar ár dtreoirlínte aicmithe IFCO a nuashonrú agus a fhairsingiú do gach catagóir agus tá fáil anois orthu ar ár láithreán gréasáin www.ifco.ie.

I ngeall ar shrianta buiséid, ní raibh sé ar chumas againn taighde a choimisiúnú ar mheonta agus ar bhuarthaí tuismitheoirí i dtaca le haicmiú aoisbhainteach. Ar a shon sin, tá an Oifig ag tabhairt faoi thaighde margaidh intí faoi láthair a dhíríonn ar thuismitheoirí mionaoiseach, agus foilseofar torthaí an taighde seo in 2013.

Lean Pictiúrlann an Light House ar aghaidh le hoibríochtaí in Eanáir agus i ndiaidh plé leis na páirtithe, leanamar ar aghaidh lenár gcur ar scáileán ag an ionad sin.

Mar is gnách, is mian liom mo bhuíochas caoin a chur in iúl don rannpháirtíocht a rinne an fhoireann Aicmitheoirí Cúnta, Bainisteoir na hOifige, Mary Ita O'Sullivan, mo chomhghleacaithe státseirbhíse ag IFCO agus ag Rannóg Rialachais Shibhialta na Roinne.

Is mise, le meas,

Gerard Connolly

Ger Connolly
Stiúrthóir Gníomhach Aicmithe Scannán

IFCO

"Foréigean íseal greannmhar/bagairt atá comhsheasmhach leis an saincheadúnas."

(Comhairle do thomhaltóirí ar *Madagascar 3: Europe's Most Wanted* ar láithreán gréasáin IFCO)



Madagascar 3: Europe's Most Wanted

Stiúrthóir: Eric Darnell, Tom McGrath

G

IFCO

## Príomhfhorbairtí in 2012

### Gníomhaíocht Oibríochtúil

B'ionann an líon iomlán de phríomhscannáin chineama a deimhníodh i rith 2012 agus 336, ar méadú 6 faoin gcéad seo ar 2011.

B'ionann an líon iomlán DVDanna a deimhníodh agus 5,105, ar laghdú 4 faoin gcéad seo ar 2011. Amhail a luaitear i dtuarascáil 2011, féadtar an laghdú a mhíniú go páirteach ag fairsingiú leantach an tionscail físeán ar éileamh. Ar a shon sin, amhail a tugadh le fios roimhe seo, leanann na dáileoirí orthu agus aicmithe aonair tíre de dhíth orthu. Mar thoradh air sin, tá an chuma air faoi láthair gur tháinig cothromú, a bheag nó a mhór, ar an leibhéal reatha a sheoltar isteach chugainn.

### Achomhairc

Rinne an Bord Achomhairc Aicmithe Scannán breithniú ar na hachomhairc a leanas i rith 2012.

I Lúnasa, rinne an dáileoir an deimhniú 12A a tugadh do *Paranorman* a achomharc (Universal Pictures). Seasadh leis an achomharc agus deonaíodh deimhniú PG don scannán.

Anuas air sin, i Lúnasa, rinne an dáileoir an deimhniú 18 a tugadh do *Lawless* a achomharc (Momentum Pictures). Seasadh leis an achomharc agus deonaíodh deimhniú 16 don scannán.

I Meán Fómhair, rinne an dáileoir an deimhniú 15A a tugadh do *Taken 2* a achomharc (20th Century Fox). Seasadh leis an achomharc agus deonaíodh deimhniú 12A don scannán.

Tar éis achomharc *Taken 2*, d'fhiosraigh an Stiúrthóir Gníomhach de Chathaoirleach an Bhoird Achomhairc maidir le húdair a gcinnidh.

### Scannáin agus DVDanna Eisiúna Teoranta

B'ionann an líon iomlán de scannáin eisiúna teoranta a deimhníodh i rith 2012 agus 155, ar méadú 25 faoin gcéad seo ar an mbliain roimhe sin. Áiríodh leo seo teidil ar nós *Ginger & Rosa, Tower Block, Le Harve, Beasts of the Southern Wild* agus *This Must Be The Place*. Fuaireamar 1,186 iarratas ar DVD eisiúna teoranta le linn na tréimhse sin. Ba cheart a thabhairt faoi deara, nuair a sháraíonn an leibhéal priontaí, i gcás scannán, agus cóipeanna maidir le DVDanna an leibhéal ceadaithe le haghaidh cáiliú le haghaidh eisiúint theoranta, méadaítear na táillí atá iníoctha go dtí an ráta iomlán.

### Físchluichí

Is ionann go fóill an staid i dtaca le físchluichí amhail a luaitear i dtuarascáil 2011. Le linn 2012, rinne IFCO scrúdú ar 31 cluiche arna rátáil 18 ag an gCóras Pan-Eorpach um Fhaisnéis faoi Chluichí (PEGI) le comhlíonadh fhorálacha an Achta um Fhístaifeadtaí, 1989 a chinntiú. Léiríonn seo laghdú 12 chluiche ar 2011. Tá an laghdú 33 faoin gcéad a tháinig ar fhíschluichí arna rátáil ag PEGI ar an líon a aicmíodh in 2009 ina údar páirteach leis seo. Tá an laghdú mar thoradh, go príomha, go bhfuil go leor cluichí ócáideacha tar éis bogadh ar aghaidh chuig ardáin dhigiteacha anois le haghaidh gutháin chliste nó cluichíocht táibléid. Agus aird air sin, tá nós imeachta rátála arna fhorbairt ag PEGI go sonrach d'aipeanna a úsáideann na critéir reatha.

IFCO

"Bagairt íseal. D'fhéadfadh roinnt radhairc chreachóireacha ainmhithe an lucht féachana óg a scanrú."
(Comhairle do thomhaltóirí ar *Life of Pi* ar láithreán gréasáin IFCO)



Life of Pi
Stiúrthóir: Ang Lee

PG

**Treoirlínte**
Amhail a tugadh le fios in 2011, thugamar faoi staidéar ar éifeachtúlacht na dtreoirlínte aicmithe a fhoilsítear ar láithreán gréasáin IFCO. Agus leas á bhaint as an eispéireas a chruthaigh grúpaí fócais agus plé a rinneadh thar líon blianta, thugamar faoi scrúdú a dhéanamh ar na critéir do gach ceann de na deimhnithe aicmithe.

I mbliana, d’fhoilsíomar ár dtreoirlínte nuashonraithe, mar aon le cur leis an tslí a chaithimid le comhthéacs agus le ton agus ár gcinneadh deiridh aicmithe á dhéanamh againn. Tugann iad seo treoir níos sonraí don tomhaltóir, agus do na tuismitheoirí/caomhnóirí maidir leis an leibhéal ábhair is féidir súil a bheith leis. Agus aird ar bhuarthaí éagsúla tuismitheoirí/caomhnóirí i leith saincheisteanna aonair aicmithe (Foréigean, Drugaí, Gnéas & Friotal), leanann ár gcomhairle do thomhaltóirí leis na leibhéil díobh seo go léir i ngach eisiúint. Ina theannta sin, cuirtear naisc ar fáil le láithreáin ghréasáin sheachtracha, agus tugann roinnt díobh faisnéis an-sonrach i leith ábhair.

**Taighde**
I ndiaidh nuashonrú na dtreoirlínte agus na faisnéise feabhsaithe atá ar fáil ar láithreán gréasáin IFCO, bhraitheamar gurbh é an t-am ceart chun dul i gcomhairle le tomhaltóirí lena bhfeasacht, agus a dtuairimí a dheimhniú ar an obair faoinar thug an Oifig seo. Tar éis a chur san áireamh go mbeadh srianta airgeadais orainn sula dtabharfaimid faoi bheart costasach, rinneamar an cinneadh go gcuirfimis tús le tionscadal intí ina bhféadfaimis staidéar cáilíochtúil agus cainníochtúil araon a dhéanamh i measc tuismitheoirí/caomhnóirí. Foilseofar torthaí an staidéir seo in 2013, faoi mhaoirsiú na nAicmitheoirí Cúnta, Mark Brennan agus David Power.

**Láithreán Gréasáin IFCO**
Tháinig méadú 8 faoin gcéad ar an líon cuairteoirí chuig láithreán gréasáin IFCO i gcomparáid le 2011 (b’ann do 412,897 lódáil leathanaigh in 2012). Cuirimid fáilte roimh an méadú seo, agus aird ar na forbairtí thuas i dtaca le taighde agus comhairle do thomhaltóirí, tá súil againn leis go gcruthóidh aon spéis is féidir linn a mhúscailt ar fhoilsiú an taighde in 2013 feasacht níos mó ar an láithreán agus go mbainfidh tomhaltóirí leas níos mó as, dá thoradh sin.

IFCO

“Sraitheanna an-rialta stílithe agus fantaiseacha gníomhaíochta atá ar aon dul le scannáin chomhchosúla ghníomhaíochta de chuid Marvel.”

(Comhairle do thomhaltóirí ar *Marvel Avengers Assemble* ar láithreán gréasáin IFCO)



Marvel Avengers Assemble

Stiúrthóir: Joss Whedon

12A

## Deimhniú d'Imeachtaí Cúirte

Atreoraíonn an Oifig gearáin maidir le sáruithe fhorálacha an Achta um Scrúdaitheoireacht Scannán, 1923, agus an Achta um Fhístaifeadtaí, 1989, chuig an nGarda Síochána lena bhfiosrú.

Faoi Alt 23 den Acht um Fhístaifeadtaí, 1989, féadfaidh an Oifig Aicmithe Scannán deimhnithe a eisiúint chun faisnéis áirithe a chur ar fáil ar féidir glacadh léi mar fhianaise in imeachtaí cúirte.

B'ionann an líon iomlán Deimhnithe a eisíodh in 2012 a thug le fios nach raibh Deimhnithe Soláthair i bhfeidhm faoi Alt 14 (3) (b) i dtaca le saothair áirithe agus 26.

## Airgeadas

B’ionann a leanas na táillí a ghearr an Oifig do dheimhniú scannáin chineama agus DVDanna/físeán agus d’eisiúint ceadúnas in 2012:

| | |
|---|---|
| Físeáin | €1,590,762.55 |
| Scannáin | €271,394.04 |
| Ceadúnais | €326,200.00 |

B’ionann an t-ioncam iomlán a fuarthas ar son na Roinne in 2012 agus €2,188,356.59.



The Hunger Games
Stiúrthóir: Gary Ross

12A



Dredd 3D
Stiúrthóir: Pete Travis

18




Seven Psychopaths
Stiúrthóir: Martin McDonagh

16



Ice Age: Continental Drift
Stiúrthóir: Steve Martino, Mike Thurmeler

G

IFCO

"Sraitheanna measartha/láidre uafás ficsean eolaíochta. Gnáthamh leighis amháin le go leor fola."
(Comhairle do thomhaltóirí ar *Prometheus* ar láithreán gréasáin IFCO)




Prometheus
Stiúrthóir: Ridley Scott

15A

## Deimhniú Scannáin Chineama


### Scannáin Chineama a Deimhníodh in 2012



| | |
|---|---|
| Príomhscannáin | 336 |
| Gearrscannáin | 2 |
| Blúirí | 395 |
| **Iomlán** | **733** |

| | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| Príomhscannáin | 307 | 317 | 318 | 336 |
| Gearrscannáin | 2 | 5 | 5 | 2 |
| Blúirí | 386 | 364 | 377 | 395 |
| **Iomlán** | **695** | **686** | **700** | **733** |

### Deimhnithe de réir Catagóire



| | |
|---|---|
| G | 27 |
| PG | 33 |
| 12A | 94 |
| 15A | 116 |
| 16 | 52 |
| 18 | 14 |
| **Iomlán** | **336** |

| | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| G | 22 | 23 | 37 | 27 |
| PG | 50 | 49 | 37 | 33 |
| 12A | 56 | 66 | 87 | 94 |
| 15A | 103 | 115 | 87 | 116 |
| 16 | 57 | 41 | 51 | 52 |
| 18 | 19 | 23 | 19 | 14 |
| **Iomlán** | **307** | **317** | **318** | **336** |

## Tír Bhunaidh

| **Tír Bhunaidh Shingil** | |
|---|---|
| An Astráil | 7 |
| Ceanada | 5 |
| An Danmhairg | 2 |
| An Fhrainc | 9 |
| An Ghearmáin | 4 |
| An India | 37 |
| Éire | 10 |
| An tSeapáin | 1 |
| An Íisiltír | 1 |
| An Iorua | 1 |
| An Pholainn | 5 |
| An Spáinn | 2 |
| An tSualainn | 1 |
| AN RA | 52 |
| SAM | 133 |
| **Iomlán** | **270** |

| **Níos mó ná Tír Bhunaidh Amháin** | |
|---|---|
| An RA/SAM | 11 |
| Éire/an RA | 3 |
| SAM/Ceanada | 3 |
| An Fhrainc/an Ghearmáin | 2 |
| An Fhrainc/an Spáinn | 2 |
| An Fhrainc/SAM | 2 |
| An RA/an Fhrainc | 2 |
| Ceanada/an Fhrainc | 1 |
| Ceanada/an RA | 1 |
| An Fhrainc/an Bheilg | 1 |
| An Ostair/an Fhrainc/an Ghearmáin | 1 |
| An Bheilg/an Fhrainc/an Iodáil | 1 |
| Ceanada/an Spáinn/an tSeapáin | 1 |
| An tSile/an Fhrainc/SAM | 1 |
| An Fhionlainn/an Fhrainc/an Ghearmáin | 1 |
| An Fhrainc/Ceanada/an Phortaingéil/an Iodáil | 1 |
| An Fhrainc/an Iodáil/Catar | 1 |
| An Fhrainc/an Ísiltír/an Eilvéis/an Bheilg | 1 |
| An Fhrainc/an Pholainn/an Ghearmáin | 1 |
| An Fhrainc/an Pholainn/an RA | 1 |
| An Fhrainc/an RA/SAM/an Bhrasaíl | 1 |
| An Ghearmáin/Ceanada | 1 |
| An Ghearmáin/an Fhrainc/an Bheilg | 1 |
| An India/an RA | 1 |
| An Indinéis/SAM | 1 |
| Éire/an Ghearmáin | 1 |
| Éire/SAM/an India | 1 |
| An Iodáil/an Fhrainc/Éire | 1 |
| Meicsiceo/an Airgintín/an RA | 1 |
| An Iorua/an Danmhairg | 1 |
| An Pholainn/Poblacht na Seice | 1 |
| An Pholainn/an Ghearmáin/an Fhrainc/Ceanada | 1 |
| An Spáinn/Ceanada | 1 |
| An Spáinn/SAM | 1 |
| An Spáinn/SAM/an Bholaiv/an Fhrainc | 1 |
| An Tansáin/SAM | 1 |
| An Tuirc/an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin | 1 |
| An RA/an Astráil | 1 |
| An RA/an Ostair/an Fhrainc/an Bhrasaíl | 1 |
| An RA/Ceanada/an tSualainn | 1 |
| An RA/an Fhrainc/an Iodáil | 1 |
| An RA/ an Ghearmáin/an Fhrainc | 1 |
| An RA/an Spáinn | 1 |
| SAM/an Astráil | 1 |
| SAM/Ceanada | 1 |
| SAM/an Ungáir/an Spáinn | 1 |
| SAM/an Iodáil/an Spáinn | 1 |
| SAM/an Afraic Theas | 1 |
| **Iomlán** | **66** |

IFCO

“Ábhar rialta tréan agus garbh gnéasach. Roinnt radharc ina mbaintear úsáid as drugaí boga.”
(Comhairle do thomhaltóirí ar *Ted* ar láithreán gréasáin IFCO)




Ted
Stiúrthóir: Seth MacFarlane

16

## Deimhniú Físeán/DVDanna

### Saothair DVD/Físeáin arna nDeimhniú de réir Catagóire in 2012




| | |
|---|---|
| G | 1163 |
| PG | 794 |
| 12 | 1137 |
| 15 | 1692 |
| 18 | 319 |
| **Iomlán** | **5105** |

### Saothair DVD/Físeáin arna nDeimhniú de réir Catagóire 2009-2012

| | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| G | 1581 | 1509 | 1353 | 1163 |
| PG | 1383 | 1006 | 786 | 794 |
| 12 | 1468 | 1256 | 1162 | 1137 |
| 15 | 1839 | 1758 | 1582 | 1692 |
| 18 | 419 | 390 | 390 | 319 |
| **Iomlán** | **6690** | **5919** | **5273** | **5105** |

## Ceadúnais a Eisíodh in 2012

| | |
|---|---|
| Mórdhíol | 4 |
| Miondíol Feithicle | 4 |
| Miondíol | 1554 |
| **Iomlán** | **1562** |





Brave

Stiúrthóir: Mark Andrews, Brenda Chapman






What Richard Did

Stiúrthóir: Leonard Abrahamson



“Radhairc an-ghrafacha d’fhoréigean agus de ghnéas. D’fhéadfaidís seo cur isteach ar chuid den lucht féachana, gan aird ar aois.”
(Comhairle do thomhaltóirí ar *Killer Joe* ar láithreán gréasáin IFCO)



Killer Joe
Stiúrthóir: William Friedkin

18

## Foireann

### Stiúrthóir Gníomhach Aicmithe Scannán

Ceapadh Ger Connolly mar Stiúrthóir Gníomhach i Nollaig 2009, tar éis dó feidhmiú mar Leas-Stiúrthóir ó 2003 i leith. Rugadh é i mBaile Chill Dara agus tá cónaí ann. Bhain sé céim B.Comm. amach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Rinne sé staidéar ar chuntasaíocht le Deloitte, Haskins & Sells, agus d'oibrigh sé i bpost cuntasóra sna tionscail fógraíochta agus déantúsaíochta.

Déanann sé ionadaíocht d'Éirinn ag Comhairle na nAicmitheoirí Eorpacha Scannán agus is comhalta é de Bhord Comhairleach agus Achomhairc PEGI, an Córas Pan-Eorpach um Fhaisnéis faoi Chluichí.

### Aicmitheoirí Páirtaimseartha Cúnta

Olga Bennett
Cónaí uirthi i mBaile Átha Cliath
Iar-Ionadaí Poiblí
1 Leanbh
Ceaptha 1993

Mark Brennan
Cónaí air i mBaile Átha Cliath
Iriseoir agus Léiritheoir Teilifíse
2 Leanaí
Ceaptha 2004
Athcheaptha 2011

Tom Fitzgerald
Cónaí air sa Daingean
Iar-Ionadaí Poiblí
3 Leanaí
Ceaptha 2002

John Keith
Cónaí air san Aonach
Iar-Státseirbhíseach
3 Leanaí
Ceaptha 1993
Conradh in éag 2012

Mairead Marron
Cónaí uirthi i Sord
Comhairleoir/Síciteiripeoir
6 Leanaí
Ceaptha 1995

Dani McClafferty
Cónaí uirthi i mBaile Átha Cliath
Comhairleoir
Ceaptha 2012

David Power
Cónaí air i mBaile Átha Cliath
Léiritheoir Teilifíse
Ceaptha 2006
Athcheaptha 2011

Tony Stapleton
Cónaí air san Uaimh
Iar-Stiúrthóir Díolachán
5 Leanaí
Ceaptha 1993

Is í Mary Ita O'Sullivan Bainisteoir na hOifige agus déanann sí maoirsiú ar fhoireann Státseirbhíseach.

www.ifco.ie

G PG 12A 15A 16 18

IFCO

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE